Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Straitéis Inbhuanaitheachta

2024 - 2030



# Forléargas


## Réamhrá

Ráiteas ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Cúlra a bhaineann lenár Straitéis Inbhuanaitheachta

## Ár Straitéis Inbhuanaitheachta

Spriocanna Inbhuanaitheachta

Príomhchumasóirí Cuspóirí Inbhuanaitheachta

Ár mBaill Foirne agus ár bPobail

## Cur i gcrích

Rialachas

Tomhas, Faireachán agus Tuairisciú


NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Ráiteas ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Bhí inbhuanaitheacht i gcroílár ár ngnó riamh agus bonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe á sholáthar againn mar aon lena gcur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne. Gan dabht, tá an méid seo ríshoiléir inár ráiteas misin: “muintir agus áiteanna na hÉireann a nascadh lena chéile trí bhonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar agus trí fhéachaint leis an éileamh ar iompar a laghdú agus an obair sin ar fad ag cabhrú le hastaíochtaí carbóin a laghdú”.

*Muintir agus áiteanna na hÉireann a nascadh lena chéile trí bhonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar agus trí fhéachaint leis an éileamh ar iompar a laghdú agus an obair sin ar fad ag cabhrú le hastaíochtaí carbóin a laghdú*

Agus muid ag machnamh ar an inbhuanaitheacht, is gá dúinn trí phríomhcholún na hinbhuanaitheachta a thógáil san áireamh: timpeallacht shláintiúil, sochaí shláintiúil agus geilleagar sláintiúil. Fad agus a bhaineann sé leis an ÚNI de, tá sé mar aidhm againn an chothromaíocht cheart a aimsiú idir na trí ghné seo ionas gur féidir leis an nglúin faoi láthair agus na glúnta atá le teacht a bheith faoi bhláth.

Mar gheall ar shainordú an Údaráis, tá an-chuid dár n-iarrachtaí dírithe ar chúrsaí timpeallachta agus is ann a bheimid in ann an tionchar is mó a imirt. Is mian linn go mbeidh ról lárnach i dtroid na hÉireann in aghaidh an athraithe aeráide trí bhonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar. Dá réir sin, mar chuid dár gcéad Straitéis Inbhuanaitheachta seo, baineann ár gcuid idirghabhálacha atá beartaithe, go príomha le cúrsaí timpeallachta.

# Ráiteas ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Mar eagraíocht, tuigimid cad atá i gceist le hinbhuanaitheacht agus an gá atá le feasacht agus cumas inár ngnó ar fad a fheabhsú, i réimsí lena n-áirítear bithéagsúlacht, an aeráid agus an geilleagar ciorclach. Beidh tacaíocht uainn ó úsáideoirí iompair phoiblí, ó sholáthraí seirbhíse agus ónár mbaill foirne agus é mar uaillmhian againn córas iompair inbhuanaithe a sholáthar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

Tá ról ríthábhachtacht ag an Údarás in astaíochtaí charbóin a laghdú ón earnáil iompair agus tá sé de dhualgas orainn astaíochtaí charbóin a laghdú faoi 51% inár n-eagraíocht chorparáideach faoi dheireadh 2030.

> *Tuigimid cad atá i gceist le hinbhuanaitheacht agus an gá atá le feasacht agus cumas inár ngnó ar fad a fheabhsú, i réimsí lena n-áirítear bithéagsúlacht, an aeráid agus an geilleagar ciorclach.*

Tacaíonn an Straitéis Inbhuanaitheachta seo lenár bpleananna astaíochtaí charbóin a laghdú ar fud ár ngnó agus lenár ról ar fud na hearnála iompair. Léiríonn sé ár dtiomantas mar eagraíocht san earnáil phoiblí agus mar príomhghníomhaireacht i soláthar iompair phoiblí, maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.



Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# An Cúlra a bhaineann lenár Straitéis Inbhuanaitheachta

## Beartas Náisiúnta




Mar chomhlacht earnála poiblí, táimid tiomanta ról a bheith againn leis na hiarrachtaí ceannródaíocha náisiúnta in aghaidh an athraithe aeráide a chur chun cinn. Mar sin, tá ár Straitéis Inbhuanaitheachta faoi threoir straitéisí, sainorduithe agus creataí éagsúla na hearnála poiblí.

Lena n-áirítear:

- Ráiteas Straitéise 2023-2025 an Roinn Iompair
- An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024
- Straitéis Earnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023-2025
- An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe
- Sainordú Earnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024.

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh ár straitéis ag teacht le beartais náisiúnta ionas go bhfanfaimid ar an mbóthar ceart i leith na comhsprice a bhaint amach, is é sin an aeráid a chosaint. Áirítear uaillmhianta sna beartais seo amhail an t-iompar poiblí a dhícharbónú, inrochtaineacht a fheabhsú, struchtúir rialachais inbhuanaitheachta a chruthú agus soláthar poiblí glas a fhorleathnú, agus gach ceann acu comhtháite inár straitéis féin.



Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# An Cúlra a bhaineann lenár Straitéis Inbhuanaitheachta

## An Tírdhreach Idirnáisiúnta

Léiríonn Straitéis Inbhuanaitheachta an ÚNI príomhthosaíochtaí inbhuanaitheachta an ÚNI, bunaithe ar phrionsabail idirnáisiúnta inbhuanaitheachta amhail Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFIanna) agus reachtaíocht inbhuanaitheachta an Aontais Eorpaigh.  Úsáidtear na SFIanna mar threoirphlean chomhroinnte ar son rathúnais an duine agus an phlainéid, anois agus sa todhchaí.

Léirítear na SFIanna a chabhróidh linn ár straitéis a bhaint amach anseo. Leagtar amach inár straitéis seacht mbliana an treo straitéiseach dár n-eagraíocht ionas go mbeimid in ann fás i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe, uaillmhian atá léirithe sna SFIanna.



# Spriocanna Inbhuanaitheachta

Tá inbhuanaitheacht lárnach maidir le saol an ÚNI mar atá léirithe fud fad ár Straitéis Chorparáideach. Anuas ar ár n-aidhmeanna corparáideacha, tá ár n-uaillmhianta inbhuanaitheachta lárnach sa trí phríomhsprioc inbhuanaitheachta atá againn, atá faoi thionchar an phrionsabail Seachain-Aistrigh-Feabhsaigh.  Agus ár spriocanna á bhaint amach againn, d'fhorbraíomar cuspóirí inbhuanaitheacha intuigthe a thacóidh lena gcur i bhfeidhm.  Cuireann siad leis na cuspóirí straitéiseacha atá inár Straitéis Chorparáideach cheana agus ár ndualgais náisiúnta aeráide eile.

SEACHAIN AGUS LAGHDAIGH

Comhtháthú feabhsaithe idir úsáid talún agus pleanáil iompair comhcheangailte le bainistiú éilimh chun an gá le mótariompar a laghdú. Ídiú acmhainní a laghdú.

AISTRIGH CHUIG INBHUANAITHE

An t-aistriú chuig modhanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn trí bhonneagar agus seirbhísí inbhuanaithe méadaithe a sholáthar. Éiteas inbhuanaitheachta eagraíochta a leabú.

FEABHSAIGH ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i dtógáil agus in oibriú bonneagair agus seirbhísí iompair inbhuanaithe araon. Éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú in ár n-oifigí agus dramhaíl a laghdú.

# Cuspóirí Inbhuanaitheachta

SEACHAIN AGUS LAGHDAIG

AISTRIGH CHUIG INBHUANAITHE

FEABHSAIGH ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

Tá sé mar aidhm ag an ÚNI astaíochtaí a laghdú i ngach réimse dár ngnó, soghluaiseacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus gréasán iompair phoiblí ísealcharbóin a chur ar bun trasna na hÉireann. Dá réir sin, d'fhorbair an ÚNI cuspóirí inbhuanaitheachta ar ardleibhéal, atá leagtha amach sa tábla thíos (le tuilleadh eolais fúthu sna leathanaigh ina dhiaidh sin) agus a rialaíonn ár gcuid gníomhaíochtaí.

Baineann na cuspóirí seo lenár bhfeidhmeanna agus ár ndualgais phoiblí sheachtracha, agus lenár ngníomhaíochtaí corparáideacha inmheánacha, lena n-áirítear ár n-idirghníomhaíochtaí le heagraíochtaí eile. Is féidir a rá gur bhunchuspóirí atá sa chéad chuspóir chun úsáid iompair phoiblí, siúlóide agus rothaíochta do gach turas trasna na hÉireann a mhéadú chomh maith le hastaíochtaí iompair a laghdú, fad is a bhaineann an dara cuspóir leis an tslí a bhfeidhmímid ó lá go lá maidir lenár bhfoirgnimh agus ngníomhaíochtaí gnó, agus an tslí ina mbainimid úsáid as ár bhfeidhmeanna i dtaca le hoibritheoirí iompair, údaráis áitiúla agus an earnáil phríobháideach.

| Cuspóirí Inbhuanaitheachta | Spriocanna Inbhuanaitheachta |
| --- | --- |
| 1. Tuilleadh comhtháthaithe maidir le húsáid talún agus pleanáil iompair chun an gá le mótariompar a ísliú, chun spleáchas ar charranna a íoslaghdú agus chun astaíochtaí ón gcóras iompair a laghdú. | Seachain agus Laghdaigh |
| 2. Tionscnaimh athraithe iompraíochta a spreagadh ar mhaithe le patrúin taistil inbhuanaithe a chur chun cinn agus a leathnú. | Seachain agus Laghdaigh, Aistrigh chuig Inbhuanaithe |
| 3. Bearta cuí agus éifeachtacha chun dreasachtaí a thabhairt maidir le gluaiseacht laghdaithe chairr agus lasta bóthair a dhearadh agus a chur chun feidhme. | Seachain agus Laghdaigh, Aistrigh chuig Inbhuanaithe |
| 4. Leanúint leis an bhfáil ar bhonneagar taistil ghníomhaigh a leathnú, lena dtacaítear le siúl, rothaíocht agus rothaí. | Aistrigh chuig Inbhuanaithe |
| 5. Leanúint le seirbhísí iompair phoiblí inbhuanaithe a fhorbairt lena soláthraítear seirbhísí traenacha, tram, bus agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí inrochtana, cuimsitheach agus sábháilte ar fud an Stáit. | Aistrigh chuig Inbhuanaithe |
| 6. Leanúint le bonneagar iompair phoiblí a chur ar fáil a chumasaíonn agus a thacaíonn le soláthar seirbhísí iompair phoiblí ar fud an Stáit. | Aistrigh chuig Inbhuanaithe |
| 7. Feasacht phoiblí a chothú ar infhaighteacht bonneagair agus seirbhísí iompair inbhuanaithe chomh maith le réitigh nuálacha nua shoghluaisteachta atá á thabhairt isteach a chur chun cinn. | Seachain agus Laghdaigh, Aistrigh chuig Inbhuanaithe |
| 8. Dlús a chur le cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur ar bun maidir le tógáil agus feidhmiú an bhonneagair agus seirbhísí iompair inbhuanaithe. | Seachain agus Laghdaigh, Feabhsaigh Éifeachtúlacht Fuinnimh |
| 9. Aistriú an fhlít iompair phoiblí ina fheithiclí astaíochtaí ísle agus nialasacha a chur ar aghaidh. | Aistrigh chuig Inbhuanaithe, Feabhsaigh Éifeachtúlacht Fuinnimh |
| 10. Inbhuanaitheacht a leabú i ngach gníomhaíocht de chuid an ÚNI, ach béim a mhéadú ar na réimsí ábhartha lena n-áirítear bithéagsúlacht, an aeráid agus an geilleagar ciorclach | Seachain agus Laghdaigh, Feabhsaigh Éifeachtúlacht Fuinnimh |


Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 1

Cuspóir Inbhuanaitheachta 1: Tuilleadh comhtháthaithe maidir le húsáid talún agus pleanáil iompair chun an gá le mótariompar a ísliú, chun spleáchas ar charranna a íoslaghdú agus chun astaíochtaí ón gcóras iompair a laghdú.



Tá forbairt iompair agus úsáid talún idirnascaithe agus comhspleách ó bhun, le pátrúin forbartha ag cinntiú go mór mór an gá atá le taisteal. Cuireann cur chuige comhtháite i leith úsáide talún agus soláthair iompair ar a chumas go leor turas a laghdú agus a sheachaint agus tá sé mar chroílár timpeallacht iompair níos inbhuanaithe a chruthú.

Tháinig coincheapa nua chun cinn le blianta beaga anuas amhail cathracha 15 nóiméad agus comharsanachtaí 10 nóiméad, a chuireann an prionsabal chun cinn gur chóir don duine a bheith in ann gach ní atá riachtanach dóibh a aimsiú laistigh de shiúlóid nó achar rothaíochta gearr óna dtithe féin, ar an gcaoi astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú go suntasach. Feabhsaíonn cathracha 15 nóiméad caighdeán an aeir, laghdaíonn siad torann agus cuireann siad naisc phobail níos láidre chun cinn.

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 1

Chun an comhordú straitéiseach riachtanach a bhaint amach, tá sé ceaptha na bearta seo a leanas a chuir i gcrích:

| Sainbhearta | Sprioc |
|---|---|
| Forbróimid straitéisí iompair do na limistéir cheannchathartha. | Ullmhófar straitéisí iompair uasdátaithe do limistéir cheannchathartha Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge faoi 2030. |
| Pleanálfaimid do agus tacóimid le Forbairt atá Dírithe ar an Iompar a sholáthar ag na láithreacha cuí a fhreastalaíonn seirbhísí iompair phoiblí orthu. | Cur i gcrích substainteach na Forbartha atá Dírithe ar an Iompar i limistéir cheannchathartha de réir spriocanna na Roinne Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta. |
| Cuirfimid chun cinn, pleanálfaimid do agus tacóimid leis an bhforbairt a dhaingniú i limistéir uirbeacha. | Soláthrófar spriocanna an Chreata Náisiúnta Pleanála maidir le forbairt daingnithe de réir na Roinne Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta. |
| Beimid ag comhoibriú le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha lena cinntiú go bhfuil pleananna na n-údarás áitiúla agus réigiúnacha ar aon dul le cuspóirí iompair inbhuanaithe. | Gach Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha, Pleananna Forbartha agus Pleananna Limistéir uasdátaithe ag teacht leis na straitéisí iompair ábhartha. |
| Cinnteoimid go mbeidh moltaí maidir le forbairt mhórscála ag teacht le cuspóirí iompair inbhuanaithe. | Déanfar monatóireacht, faireachán agus leasuithe a lorg, mar is cuí, ar fhorbairtí mórscála tríd an ról atá againn mar chomhlacht forordaithe sa phróiseas pleanála. |
| Beidh muid ag comhoibriú le húdaráis áitiúla agus pleananna iompair áitiúil á bhforbairt agus á soláthair againn a thacaíonn le iompar inbhuanaithe, astaíochtaí a laghdú agus caighdeán an aeir agus torainn a fheabhsú. | Pleananna iompair lárchathrach forbartha agus curtha i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge faoi 2030. |

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 2

## Cuspóir Inbhuanaitheachta 2: Tionscnaimh athraithe iompraíochta a spreagadh ar mhaithe le patrúin taistil inbhuanaithe a chur chun cinn agus a leathnú



Cuimsíonn athrú iompraíochta san earnáil iompair réimse leathan beart a bhfuil mar aidhm acu iompraíocht taistil inbhuanaithe a spreagadh agus a dhreasú. Is féidir gur daoine aonair, comharsanachtaí, áiteanna oibre, scoileanna agus coláistí a bheith mar sprioc acu.

Go ginearálta, baineann siad leas as feachtais phromóisin agus eolas a scaipeadh mar aon leis an infheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí taistil atá ag tarlú mar chuid de chláir eile, cé go mbíonn infheistíocht i nithe amhail páirceáil rothar, comharthaíocht agus tionscnaimh duais-bhunaithe mar chuid de chlár.

Bíonn na cláir athraithe iompraíochta ag teacht le feachtais níos leithne an Rialtais chun feasacht ar shaincheisteanna i leith an chomhshaoil agus chun roghanna iompair níos inbhuanaithe a spreagadh le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus sláinte agus folláine a fheabhsú ina thoradh beartaithe.



NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 2

Ag tacú leis an gcur chuige náisiúnta, tá sé ceaptha na bearta seo a leanas a chuir i gcrích:

| Sainbhearta | Sprioc |
|---|---|
| Cuirfimid le cláir na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste atá ann cheana. | Rannphháirtíocht sa chlár a thairg do gach áit oibre le níos mó ná 100 fostaí agus do gach institiúid tríú leibhéal. Treoir ar líne a chur chun cinn d'eagraíochtaí níos lú. |
| Cuirfimid le Clár Taistil na Scoileanna Glasa. | Cuirfear an Modúl Taistil ó Chlár na Scoileanna Glasa ar fáil do gach scoil faoi 2030. |
| Cuirfimid chun cinn an scéim Chomhartha um Thaisteal Níos Cliste, lena n-aithnítear fostóirí a éascaíonn, a thacaíonn agus a spreagann roghanna taistil inbhuanaithe dá lucht saothair agus do chuairteoirí. | Gach eagraíocht san earnáil phoiblí le deimhniú an Chomhartha um Thaisteal níos Cliste a lorg faoi dheireadh 2027. |
| Tabhairt faoin Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh agus faoin Innéacs Siúil agus Rothaíochta chun bonn fianaise a sholáthar don chinnteoireacht. | Tabhairt faoin Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh gach bliain agus faoin Innéacs Siúil agus Rothaíochta gach dhá bhliain. |
| Forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm cláir Phleanála um Thaistil Chónaithe chun roghanna taistil inbhuanaithe a chur in iúl agus a chur chun cinn ar bhonn áitiúil. | Tabhairt faoi chlár phíolótach Phleanála um Thaistil Chónaithe faoi dheireadh 2026. Clár Pleanála um Thaistil Chónaithe spriocdhírithe a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2027, ag teacht le feidhmiú céimneach seirbhísí iompair phoiblí feabhsaithe. |



Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 3

Cuspóir Inbhuanaitheachta 3: Bearta cuí agus éifeachtacha chun dreasachtaí a thabhairt maidir le gluaiseacht laghdaithe chairr agus lasta bóthair a dhearadh agus a chur chun feidhme.



Is mian linn go mbeidh plódú tráchta níos lú, caighdeán an aeir níos fearr, torann tráchta laghdaithe agus timpeallacht níos fearr ar an iomlán i limistéir uirbeacha do chónaitheoirí, siopadóirí agus cuairteoirí.

Cé go mbeidh méadú ar mhodh roinnte do thaisteal inbhuanaithe mar thoradh ar fhorbairt bhonneagair agus seirbhísí taistil inbhunaithe nua, ní leor an méadú seo agus teacht le spriocanna astaíochtaí na hÉireann agus beidh a thuilleadh iarrachtaí de dhíth. Beidh gá le hathruithe in iompraíochtaí taistil, ag iarraidh ar dhaoine a bhfuil rogha inmharthana acu modhanna taistil inbhuanaithe a úsáid, do chuid dá dturais ar a laghad.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 3

Chun an chuspóir seo a bhaint amach, tá sé ceaptha na bearta seo a leanas a chuir i gcrích:

| Sainbhearta | Sprioc |
|---|---|
| Forbróimid agus ullmhóimid scéim faoi Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, ag díriú ar an aistriú chuig bhearta inbhuanaithe i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. | Scéim a fhorbairt agus a ullmhú a chinnteoidh gur féidir le mórcheantar Bhaile Átha Cliath a astaíochtaí carbóin ó iompar a laghdú faoi 50% faoi 2030 ag teacht leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. |
| Agus scéimeanna cuí aithinte, tacóimid agus cabhróimid le spás bóthair i limistéir uirbeacha a ath-leithdháileadh i dtreo taistil inbhuanaithe. | Scéim nó scéimeanna a sholáthar chun acmhainn a mhéadú maidir le siúl, rothaíocht agus iompar poiblí le haghaidh gach cathair, na lárionad fáis réigiúnaigh agus na príomhbhailte. |
| Tacóimid agus cabhróimid le luasteorainn níos ísle a chur i bhfeidhm i limistéir uirbeacha. | Feidhmeofar gach limistéir chónaithe i gcathracha faoi luasteorainn 30 ciliméadar. |
| Aithin agus cabhraigh le Trasnaitheacht Scagtha agus Comharsanachta Ísealtráchta i láithreacha cuí i limistéir uirbeacha a chur i bhfeidhm. | Aithin, i gcomhar le húdaráis áitiúla, láithreacha cónaithe agus bailte nó sráidbhailte ina bhfuil fadhbanna maidir leis an leibhéal tréthráchta mótair agus aithin an fhéidearthacht an trácht sin a threorú chuig bóithre agus sráideanna eile. |
| Aithin agus cabhraigh le Criosanna Saor ó Thrácht nó Criosanna Baile a chur i bhfeidhm i láithreacha cuí i limistéir uirbeacha. | Aithin, i gcomhar le húdaráis áitiúla, láithreacha ar leith inar féidir codanna de na sráideanna a dhearadh i slí chun leibhéil arda tosaíochta a thabhairt, chomh mór le príomhthosaíocht, do mhodhanna taistil gan inneall. |
| Leathnóimid an clár um Bhealaí Sábháilte ar Scoil chuig gach scoil sa Stát. | Tograí maidir le Bealaí Sábháilte ar Scoil a chur i bhfeidhm in 500 scoil bhreise faoi 2030. |

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 4

Cuspóir Inbhuanaitheachta 4: Leanúint leis an bhfáil ar bhonneagar taistil ghníomhaigh a leathnú, lena dtacaítear le siúl, rothaíocht agus rothaí.



Tá fás suntasach tagtha ar líon na rothaithe sa tréimhse deich mbliana deireanacha, fás a léiríonn an pátrún idirnáisiúnta méadaithe a bhaineann le turais déanta ar rothair.

De réir an Innéacs Siúil agus Rothaíochta 2023, a mheasann siúl, rothaí agus rothaíocht i limistéir uirbeacha sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, rothaíonn 25% de chónaitheoirí mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ar a laghad uair sa tseachtain, agus uimhreacha idir 15% agus 20% á dtabhairt faoi deara i gcathracha i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. Ach léirigh céatadán mór a dtoil chun rothaíochta dá mbeadh feabhas ar an mbonneagar.

D'fhéadfadh leibhéal méadaithe rothaíochta plódú tráchta a laghdú, caighdeán an aeir agus bithéagsúlacht áitiúil a fheabhsú, torann a ísliú, tairbhí sláinte a sholáthar agus timpeallacht níos fearr do chách a chur ar fáil.

Baineann siúl nó rothaí le gach cuid nó le píosa gach turas a thógtar agus is ceist ríthábhachtach í soláthar níos fónta a bheith ann do choisithe. Ba cheart go mbeadh gréasáin siúil ardchaighdeán, sábháilte, comhtháite, díreach, tarraingteach agus compordach. I limistéir uirbeacha agus tuaithe, áfach, is minic nach bhfuil an caighdeán sin ar fáil dá n-úsáideoirí.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 4

Chun bonneagar taistil ghníomhaigh a leathnú, tá sé ceaptha na bearta seo a leanas a chuir i gcrích:

| Sainbhearta | Target |
|---|---|
| Leathnóimid an gréasán rothaíochta trí phlean gréasáin rothaíochta a chur ar bun ar fud an Stáit. | 1,000 ciliméadar breise de shaoráidí rothaíochta níos sábháilte, atá leithscartha den chuid is mó, a fhorbairt faoi 2030. |
| Méadóimid an méid páirceála rothair atá ar fáil. | 5,000 spás páirceála rothair agus 1,000 spás páirceála rothair eas-sráide breise a sholáthar faoi dheireadh 2028. |
| Leathnóimid an soláthar soghluaisteacht chomhroinnte ar fud an Stáit. | Scéimeanna soghluaisteachta chomhroinnte a fhorbairt agus a leathnú níos mó i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh, Port Láirge agus i limistéir uirbeacha eile, lena n-áirítear leictrea-shoghluaisteacht. |
| Tacóimid agus cabhróimid le saoráidí ardchaighdeáin a sholáthar dóibh siúd a thaistealaíonn de shiúl na gcos agus de roth mar chuid dár n-infheistíocht sa Taisteal Gníomhach. | Trasrianta coisithe nua agus feabhsaithe a sholáthar; cosáin níos leithne agus ar chaighdeán níos airde; agus sráideanna do choisithe amháin mar is cuí, i ngach cathair, baile agus sráidbhaile, agus i limistéir thuaithe mar is gá. |
| Déanfaimid taighde, i dtaca le gníomhaireachtaí eile, i leith roghanna ísealcharbóin eile maidir le dearadh pábhála bóthair i Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh. | Taighde le cur i gcrích a léiríonn roghanna eile pábhála úsáidte in áiteanna eile agus a n-infheidhmeacht maidir le Tionscadail Thaistil Ghníomhaigh an ÚNI. |

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 5

Cuspóir Inbhuanaitheachta 5: Leanúint le seirbhísí iompair phoiblí inbhuanaithe a fhorbairt lena soláthraítear seirbhísí traenacha, tram, bus agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí inrochtana, cuimsitheach agus sábháilte ar fud an Stáit.




Tá iompar poiblí riachtanach d'fheidhmiú ár gcathracha agus ár mbailte agus chun áiteanna agus daoine ar fud na tíre a nascadh. Seachas a bheith ag siúl agus ag rothaíocht, is é an taisteal poiblí an tslí is fearr don aeráid agus is inbhuanaithe taisteal a dhéanamh, go mór mór leis an aistriú chuig astaíochtaí ísle agus nialasacha sa ghréasáin bus. Cinntíonn aistriú cóir sa chóras iompar go bhfuil gréasán feabhsaithe á sholáthar againn le sábháilteacht feabhsaithe, nascacht feabhsaithe agus cothromas feabhsaithe.

Mar a leathnaítear na limistéir uirbeacha agus a fhásann an daonra tuaithe, méadaítear an gá iompar poiblí feabhsaithe a sholáthar. Tá sé i gceist againn an gá sin a chur i gcrích trí chláir amhail BusConnects agus Éire a Nascadh a sholáthar.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 5

Tá sé ceaptha na bearta seo a leanas a chuir i gcrích:

| Sainbhearta | Sprioc |
|---|---|
| Bainfimid úsáid as gach modh atá ar fáil chun feabhas a chur ar dhearcadh slándála pearsanta le linn taistil ar sheirbhísí iompair phoiblí. | Dearcadh slándála méadaithe ar gach modh. |
| Cuirfimid gréasán nua de sheirbhísí bus i bhfeidhm le réiteach ticéadaithe nua-aimseartha agus faisnéise paisinéirí i ngach ceann de na limistéir chathrach, a bheidh curtha in oiriúint níos fearr do riachtanais an lae inniu agus don todhchaí, agus trí cur ar a gcumas do níos mó daoine busanna a úsáid do go leor dá gcuid turas. | Athruithe sa ghréasán BusConnect a chríochnú i mBaile Átha Cliath faoi 2027, agus i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge faoi dheireadh 2028. |
| Leathnóimid ár seirbhísí bus réigiúnacha, áitiúla agus tuaithe de réir an chláir Éire a Nascadh. | An clár Éire a Nascadh a chríochnú faoi 2030, ag cur ar a chumas do 70% de phobal thuaithe na hÉireann, ar a laghad, go mbeadh busanna ar fáil a bheadh ag imeacht go dtí an baile is cóngaraí trí huaire in aghaidh an lae. |
| Déanfaimid faireachán leanúnach ar an éileamh ar sheirbhísí traenacha agus tram, i dtaca le hIarnród Éireann agus Bonneagar Iompair Éireann ag athbhreithniú ar acmhainn agus sceidealú chun freastal ar an éileamh sin. | Acmhainn agus minicíocht na seirbhísí traenacha agus tram a mhéadú de réir éilimh agus tomhaiste ag líon iomlán na dturas paisinéirí. |
| Cinnteoimid go mbeidh go leor rothstoic agus feithiclí breise agus ionaid ar ardchaighdeán agus inrochtana ar fáil chun freastal ar éileamh taistil a thuartar. | 41 carráiste iarnróid idirchathrach breise ag feidhmiú do phaisinéirí in 2024.<br>185 carráiste nua leictreach/ceallra leictreach le bheith ag feidhmiú faoi 2028.<br>700 bus lán-leictreach breise faoi 2030. |
| Feabhsóimid na modheolaíochta comhtháite íocaíochta do gach seirbhís iompair phoiblí. | Ticéadú den Chéad Ghlúin eile a sholáthar faoi 2030. |
| Méadóimid líon na dturas a thógfar ar iompar poiblí. | Méadú 1/3 i dturais iompair phoiblí a bhaint amach faoi 2030 (i gcomparáid le bonnlíne 2023). |

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 6

Cuspóir Inbhuanaitheachta 6: Leanúint le bonneagar iompair phoiblí a chur ar fáil a chumasaíonn agus a thacaíonn le soláthar seirbhísí iompair phoiblí ar fud an Stáit.

Cé go bhfuil seirbhísí iompair phoiblí de dhíth ar go leor daoine, ní féidir leis na seirbhísí seo feidhmiú gan an bonneagar cuí. Dá réir sin, tá sé riachtanach an bonneagar cuí a fhorbairt mar chomhpháirt riachtanach den chóras iompair. Cuireann an ÚNI cuid de na tionscadail bhonneagair seo i bhfeidhm é féin, agus oibríonn sé le páirtithe eile amhail údaráis áitiúla, Iarnród Éireann agus Bonneagar Iompar Éireann le roinnt eile a chur i bhfeidhm.

Tá sé ceaptha na bearta seo a leanas a chuir i gcrích:

| Sainbhearta | Sprioc |
|---|---|
| Cuirfimid na gnéithe bonneagair ar son tosaíochta do bhusanna agus thaisteal gníomhach de chuid cláir BusConnects Átha Cliath i bhfeidhm. | Na chéad cheithre Phríomhchonair Bus BusConnects i mBaile Átha Cliath a chur i gcrích den chuid is mó faoi 2028.<br>Na chéad Chonairí Iompair Inbhuanaithe i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge a chur i gcrích den chuid is mó faoi 2029. |
| Déanfaimid bainistiú i gcomhar le hIarnród Éireann ar an gclár DART+ a chur i bhfeidhm a fheabhsóidh inrochtaineacht agus a laghdóidh astaíochtaí carbóin agus torainn. | Leathnaigh seirbhísí an DART chuig Droichead Átha faoi 2026 ag úsáid flít ceallra-leictreach.<br>Cuir an DART i bhfeidhm chuig Chill Mhantáin faoi 2030 ag úsáid flít ceallra-leictreach.<br>DART+ Thiar curtha i gcrích go suntasach faoi 2030. |

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 6

| Specific Measures | Target |
| --- | --- |
| Déanfaimid bainistiú i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann MetroLink a chur i bhfeidhm. | Dea-dhul chun cinn ó thaobh tógála an MetroLink faoi 2030. |
| Soláthróimid clár staideanna bus feabhsaithe, lena n-áirítear scáthláin bus agus áiseanna eile bonneagair bus. | 1,000 láithreán staid bus feabhsaithe a sholáthair i mbailte agus i limistéir thuaithe faoi 2030 i dtaca le húsáid iompair phoiblí a mhéadú. |
| Déanfaimid bainistiú i gcomhar le hIarnród Éireann, feabhsaithe gréasáin a chur i gcrích, chomh maith le stáisiúin nua/feabhsaithe agus scéimeanna eile iarnróid. | An chéad trí chéim den Chlár Iarnróid Comaitéireachta Limistéar Chorcaí curtha i gcrích faoi 2028. Stáisiúin Shruthán na Coille agus Mhaigh Rois a oscailt faoi 2030. Iarratas ar Ordú Iarnróid d'Iarnród na hUaimhe le cur isteach in 2028. |
| Déanfaimid bainistiú i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann, feabhsaithe don ghréasán reatha Luas chomh maith le forbairt a dhéanamh ar thionscadail eile iarnróid éadrom. | Iarratas ar Ordú Iarnróid do Luas Fhionnghlaise le cur isteach in 2024. Flít ionaid a sholáthair don Líne Dhearg faoi 2030. |
| Forbróimid láithreáin pháirceála agus taistil do gach limistéar cheannchathrach. | Sé láithreán straitéiseacha do pháirceáil agus taisteal tógtha nó á thógáil faoi 2030. |
| Déanfaimid comhoibriú i gcomhar le húdaráis áitiúla agus iad ag ullmhú a bpróisis maidir le fodhlíthe staid tacsaithe, i dtaca le spleáchas agus astaíochtaí carranna príobháideacha a laghdú. | Comhairliúchán agus comhairle a sholáthar i ngach iarratas údaráis áitiúil laistigh de mhí féilire amháin. |

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 7

Cuspóir Inbhuanaitheachta 7: Feasacht phoiblí a chothú ar infhaighteacht bonneagair agus seirbhísí iompair inbhuanaithe chomh maith le réitigh nuálacha nua shoghluaisteachta atá á thabhairt isteach a chur chun cinn.




Agus infheistíocht shuntasach á dhéanamh i mbonneagar agus i seirbhísí iompair inbhuanaithe, tá sé riachtanach go dtacaítear chomh maith le feachtais chun feasacht a mhúscailt. D'fhéadfadh go mbeadh idir feachtais feasachta logánta a léiríonn mionathruithe seirbhísí agus feachtais náisiúnta a chuireann iompar inbhuanaithe chun cinn i slí níos ginearálta. Tá sé tábhachtach go mbeadh gach páirtí leasmhar ábhartha bainteach leis na feachtais seo, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas, polaiteoirí, úsáideoirí bóithre, gnólachtaí, Comhairlí Contae, an pobal i gcoitinne, grúpaí sainleasa agus míchumais.

Ba cheart go n-áireofar sna feachtais cur chuige comhtháite, trí aghaidh a thabhairt ar ábhair imní an phobail maidir le plódú tráchta, sábháilteacht, inchónaitheacht agus cothromas.

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 7

Tá sé ceaptha an méid seo a leanas a chuir i gcrích:

| Sainbhearta | Sprioc |
|---|---|
| Leanúint le feachtais faisnéise maidir le feabhsaithe ar sheirbhísí bus de chuid BusConnects. | Feasacht láidir ar athruithe agus ar an nglacadh le seirbhísí nua a chinntiú. |
| Leanúint le comhairliúcháin phoiblí chuimsitheacha ar ár bpleananna, tionscadail agus athruithe táillí a reáchtáil. | Tuairiscigh go bliantúil ar líon na gcomhairliúchán poiblí a reáchtáladh le haghaidh tionscadal, pleananna agus athruithe suntasacha eile. |
| Cuir na roghanna íocaíochta agus luach ar airgead atá ar fáil do chustaiméirí chun cinn lena chinntiú go bhfuil an pobal ar an eolas maidir le roghanna taistil. | Cuir úsáid an chárta Leap chun cinn mar shlí níos tapúla, níos éasca agus níos inbhuanaithe taisteal a dhéanamh ar iompar poiblí. |
| Leanúint le feachtais mhargaíochta a fhorbairt faoi na brandaí "Iompar d'Éirinn" agus "Taisteal Níos Cliste". | Mar is cuí, tabhair faoi feachtais iompair inbhuanaithe náisiúnta agus áitiúla suntasacha agus lean leis an bhfeachtas Ready, Set, Cycle, Marchathon, agus Seachtain Náisiúnta na Rothar a chur i bhfeidhm. |
| Tacaíocht a thabhairt do “Tá Tábhacht le do Thuras” agus do thionscnaimh eile an Rialtais amhail iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus athrú iompraíochta. | Go dtacódh an tÚdarás le "Tá Tábhacht le do Thuras". |
| Faisnéis iompair phoiblí a sholáthar i bhformáidí inléite ag staideanna agus ar líne. | Go mbeadh amchlár, léarscáiliú agus táillí cothrom le dáta, inrochtana ag gach stad faoi 2030. |
| Feabhsaigh líon na stadanna bus, go háirithe i limistéir thuaithe. | Go mbeadh bonneagar comharthaíochta an Údaráis ag gach láthair stoptha faoi 2030. |

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 8

Cuspóir Inbhuanaitheachta 8: Dlús a chur le cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur ar bun maidir le tógáil agus feidhmiú an bhonneagair agus seirbhísí iompair inbhuanaithe.

Mar chomhlacht earnála poiblí, tá an tÚdarás tiomanta cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn inár soláthar. Inár scéimeanna, cuirimid cleachtais Sholáthar Poiblí Glas (GPP) i bhfeidhm agus sonraímid táirgí ísealcharbóin agus dramhaíl íseal a úsáid.

Táimid tiomnaithe de dhea-chleachtais agus cleachtais atá slán ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn trí bhearta, tionscadail agus pleananna dár gcuid. Áirítear laghdú dramhaíola, éifeachtúlacht fuinnimh agus costais níos ísle i dtairbhí na gcleachtas seo a chur i bhfeidhm.

Tá sé ceaptha an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm:

| Sainbhearta | Sprioc |
|---|---|
| Déanfaimid úsáid GPP a leabú ar fud an Údaráis. | Cuirfear oiliúint chuí ar gach ball foirne ar chleachtais GPP faoi dheireadh 2025. |
| Bearta Maolaithe Aeráide ar láithreáin foirgníochta. | Iarrfaidh an ÚNI, i gcás inar féidir, go bhfoinseofar go háitiúil ábhair don tógáil bonneagair agus go hathúsáidfear ábhar dramhaíola a ghintear ar an láthair, chomh mór agus is féidir, laistigh de theorainn an láithreáin. |

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 8

| Sainbhearta | Sprioc |
|---|---|
| Plean Tógála um Bhainistíocht an Chomhshaoil (CEMP) a ullmhú. | Beidh ullmhúchán agus cothabháil CEMP mar chuid de gach tionscadal móra bonneagair de chuid an ÚNI ina mbeidh dea-chleachtais chomhshaoil maidir le hastaíochtaí a íoslaghdú, athchúrsáil ábhar agus athúsáid uisce. |
| Cosaint na bithéagsúlachta ar láithreáin foirgníochta. | Spreagfaidh an ÚNI aon chrann, fhál sceach nó ghnáthóga atá laistigh de theorainn an láithreáin nó taobh le teorainn an láithreáin a choinneáil más féidir. |
| Áireoimid bearta bithéagsúlachta breise in iarratais phleanála mar chuid dár ngealltanas i leith iompair inbhuanaithe. | Beidh plandáil crainn agus speicis phailneoirí breise chun bithéagsúlacht a fheabhsú i ngach tionscadal ábhartha ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta. |
| Áireoimid bearta Inbhuanaithe Draenála Uirbeacha (IDU) in iarratais phleanála mar chuid dár n-infheistiú in iompar inbhuanaithe.  Cuireann bearta IDU tuile a laghdú, smacht truaillithe nádúrtha, bithéagsúlacht mhéadaithe agus seasmhacht i gcoinne an athraithe aeráide chun cinn. | Beidh bearta dea-chleachtais IDU mar chuid de gach tionscadal ábhartha. |



Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 9

## Cuspóir Inbhuanaitheachta 9: Aistriú an fhlít iompair phoiblí ina fheithiclí astaíochtaí ísle agus nialasacha a chur ar aghaidh.




Feabhsóidh an méadú suntasach i seirbhísí iompair phoiblí agus bonneagar gaolmhar an iontaofacht agus agaí turais, a chuideoidh leis an aistriú móid i dtreo na modhanna seo agus a bhogadh ón gcarr príobháideach. Mar sin, is gné lárnach maidir le hinbhuanaitheacht é a chinntiú go bhfuil na feithiclí agus rothstoc ar astaíochtaí ísle agus nialasacha.

Tá an ÚNI tiomanta go hiomlán don sprioc seo agus tá tosaithe ar leathadh amach feithiclí ar astaíochtaí ísle agus nialasacha ar fud an Stáit. Áirítear i dtairbhí leathadh amach na bhfeithiclí ar astaíochtaí ísle agus nialasacha laghdú i ngáis cheaptha teasa, laghdú i dtruailliú an aeir agus feabhas i gcúrsaí sláinte.

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 9

Tá sé ceaptha an méid seo a leanas a chuir i gcrích:

| Sainbhearta | Sprioc |
|---|---|
| Aistriú na bhflíteanna bus uirbeacha i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge chuig fheithiclí astaíochtaí nialasacha. | 50% d'fhlít busanna uirbeacha Átha Cliath a aistriú chuig feithiclí astaíochtaí ísle/nialasacha faoi 2026.<br>40% d'fhlít busanna uirbeacha carntha i gCorcaigh, Luimneach, Port Láirge agus Gaillimh chuig feithiclí astaíochtaí ísle/nialasacha faoi 2026 |
| Seirbhísí bus baile mhóir lánleictreacha a chur i bhfeidhm. | Ceithre bhaile a aistriú chuig seirbhís bus leictrithe faoi 2026. |
| Seirbhísí traenacha comaitéireachta a dhícharbónú. | 185 carráiste ceallra-leictreacha / leictreacha a chur ar aghaidh mar chuid den chlár DART+ faoi 2030. |
| Aistriú seirbhísí de chuid Nasc Áitiúil chuig feithiclí astaíochtaí ísle/nialasacha. | 10% de sheirbhísí de chuid Nasc Áitiúil ag feidhmiú le feithiclí astaíochtaí ísle/ nialasacha faoi 2028. |
| Seirbhísí iarnróid leictrithe i gCorcaigh a sholáthar mar chuid den chlár iarnróid comaitéireachta. | Cead pleanála a fháil in 2027 le aghaidh iosta a fhorbairt ar mhaithe le seirbhísí leictrithe nua. |
| Flít iarnróid nua Luas.. | Creatchonradh i bhfeidhm in 2026 chun flít breise Luas a ordú. |
| Cuirfimid chun cinn feithiclí inbhuanaithe a chur in áit tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní breoslaí iontaise de chuid sealbhóirí ar cheadúnais Bheagfheithiclí Seirbhíse Poiblí. | Sprioc go mbeadh 40% den fhlít ina fheithiclí inbhuanaithe faoi 2030. |

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 10

## Cuspóir Inbhuanaitheachta 10: Inbhuanaitheacht a leabú i ngach gníomhaíocht de chuid an ÚNI, ach béim a mhéadú ar na réimsí ábhartha lena n-áirítear bithéagsúlacht, an aeráid agus an geilleagar ciorclach.



Cé go léirítear cur chuige an ÚNI maidir le córas iompair phoiblí na hÉireann a aistriú chuig córas a laghdaíonn go suntasach astaíochtaí carbóin, truailliú torainn agus an aeir, agus a chothaíonn timpeallacht níos sláintiúla agus gníomhaí sa 9 gcuspóir, tomhas agus sprioc thuasluaite, tá anailís agus athrú de dhíth ar ghníomhaireachtaí inmheánacha an ÚNI.

Spreagfaimid feasacht ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta a chuireann ar a gcumas foireann a bhfuil inbhuanaitheacht á comhtháthú ina gcuid gníomhaíochtaí laethúla. Tá sé mar aidhm againn cultúr a bheith ann a chuireann feidhmíocht chomhshaoil agus éiteas inbhuanaithe chun cinn.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Cuspóir Inbhuanaitheachta 10

Tá sé ceaptha an méid seo a leanas a chuir i gcrích:

| Sainbhearta | Sprioc |
|---|---|
| Cuirfimid ár bhfoireann ar an eolas ar an athrú aeráide agus ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta agus reáchtálfaimid ceardlanna go bliantúil a leanfaidh de bheith ag plé saincheisteanna aeráide. | Cuirfear oiliúint ar an bhfoireann maidir le cúrsaí aeráide agus inbhuanaitheachta faoi dheireadh 2025. |
| Déanfar faireachán ar staitisticí dramhaíola (bia san áireamh) inár bhfoirgnimh ó 2025 ar aghaidh. | Athchúrsáil ar 95% de dhramhaíl bia gach bliain.<br>Lorg úsáidí malartacha eile don dramhaíl a ghintear. |
| Dréachtaigh Plean Bithéagsúlachta don UNI chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí corparáideacha an ÚNI chomh maith lenár róil phoiblí maidir le bonneagar agus seirbhísí iompair. | Plean Bithéagsúlachta an Údaráis le bheith i bhfeidhm faoi 2025. |
| Bain amach creidiúnú ISO 50001 (Córais Bainistíochta Fuinnimh) agus ISO 14001 (Córais Bainistíochta Comhshaoil). | ISO 50001 faoi dheireadh 2025.<br>ISO 14001 faoi dheireadh 2026. |
| Bain amach agus cothaigh an Comhartha um Thaisteal Níos Cliste de chuid an ÚNI. | Leanúint leis an soláthar páirceála do bheagán carranna do bhaill foirne, monatóireacht a dhéanamh ar an bpolasaí maidir le hiompar inbhuanaithe a úsáid le haghaidh taistil ghnó, agus tacú leis an bpolasaí sin. |
| Athbhreithnigh ar gach próiseas páipéarbhunaithe, fad is a thomhaistear agus a dhéantar faireachán ar ídiú páipéir. | Athbhreithnigh ar phróisis chun ídiú acmhainní a laghdú. |
| Méadaigh an éifeachtúlacht fuinnimh a bhaineann le gníomhaíochtaí inmheánacha an ÚNI agus ina bhfoirgnimh, ag déanamh gach iarracht dramhaíl a íoslaghdú. | Astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh ag teacht ó ghníomhaíochtaí inmheánacha an ÚNI a laghdú faoi 50% faoi 2030. |
| Cur chun cinn agus leathnaigh Foireann Ghlas an ÚNI. Topaicí amhail úsáid fuinnimh, inbhuanaitheacht, dramhaíl agus iompar a chlúdach. | 6 thionscnamh na Foirne Glasa a chur i gcrích gach bliain. |



Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Príomhchumasóirí

Tríd ár straitéis forbartha, d'aithníomar na príomhchumasóirí atá de dhíth chun ár spriocanna a bhaint amach. Tá na cumasóirí seo mar chuid dár bpríomhphrionsabail oibriúcháin agus ceadóidh siad do chomhtháthú ár Straitéise Inbhunaitheachta isteach sa Straitéis Corparáideach iomlán.

## Maoiniú Rialtais

Mar chomhlacht náisiúnta atá freagrach as bonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe, tá sé ríthábhachtach go bhfaighimid maoiniú leordhóthanach ionas go mbainfimid amach ár spriocanna agus cuspóirí inbhuanaitheachta.

## Cultúr Eagrúcháin

Tá timpeallacht oibre chomhionann, éagsúil agus chuimsitheach riachtanach go bhfeidhmeoidh ár n-eagraíocht go héifeachtach. Tugaimid cead dár bhfosaithe a bheith solúbtha ina gcuid oibre agus infheistímid ina n-oiliúint agus a bhforbairt, ionas go mbeidh sé ar a gcumas acu na huirlisí cuí a úsáid i dtaca lenár n-uaillmhianta iompair inbhuanaithe.

## Teicneolaíocht agus Sonraí

Ag teacht le riachtanais athraitheacha an chustaiméara, táimid ag soláthar forbairtí teicneolaíochta a dhéanfaidh iompar poiblí níos tarraingtí agus níos éasca rochtain a fháil air. Trí leas a bhaint as sonraí le haghaidh léargas agus na teicneolaíochta iompair is déanaí, is féidir linn caighdeán ár mbonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a fheabhsú.

# Ár mBaill Foirne agus ár bPobail

Tá sé mar aidhm againn eispéireas inrochtana agus cuimsitheach do chách a dhéanamh d'iompar inbhuanaithe - ár mbaill foirne, ár gcomaitéirí agus ár bpobail. Chun an méid seo a bhaint amach, cuirimid an pobal uile i gcroílár ár gcuid cinnteoireachta.




## Ag Sárú na Bearna

Tá sé riachtanach don ÚNI go bhfuil cultúr cuimsitheach ann; cultúr ina gcuirtear fáilte roimh, go gcaitear go cothrom le agus go dtacaítear le gach duine ionas gur féidir leo a ngealladh iomlán a bhaint amach. Tuigimid an tábhacht a bhaineann le lucht saothair éagsúil a bheith againn agus an tábhacht a bhaineann leis na tairbhí a bhaintear as sin amhail cinnteoireacht, nuálaíocht, réiteach fadhbanna, mealladh agus coinneáil tallainne feabhsaithe agus sástacht fostaithe méadaithe. Ba cheart go gcabhróidh sé seo le heispéireas níos cuimsithí a cinntiú dár gcustaiméirí.

Tá folláine ár bhfoireann agus ár gcomaitéirí ríthábhachtach dár n-uaillmhian iompar inbhuanaithe a dhéanamh níos inrochtana, éagsúil agus cothrom do chách. Áirítear lenár n-idirghabhálacha tacú le haistriú cóir, seasamh le caighdeáin náisiúnta do dhaoine atá faoi mhíchumas, athbhreithnithe rialta ar an gcultúr inmheánach agus oiliúint a sholáthar dár bhfoireann ar thopaicí éagsúla lena n-áirítear claontacht neamh-chomhfhiosach. Is é ár straitéis chorparáideach ná comhionannas agus éagsúlacht níos mó atá ag teacht leis an bpobal air a fhreastalaímid a chur chun feidhme.



## Ag cur Comhionannais, Éagsúlacht agus Cuimsiú Chun Cinn



## Páirt a Ghlacadh


Chun tuilleadh rannpháirtíochta a spreagadh i ndearadh iompair inbhuanaithe, chuamar i bpáirt le hollscoileanna áitiúla le tuilleadh deiseanna intéirneachta do mhic léinn ETIM atá ag lorg taithí san earnáil iompair a chruthú. Táimid ag cur clár píolótach ar bun do chéimithe atá ag iarraidh a ngairmeacha san earnáil iompair a fhorbairt. Le peirspictíochtaí nua á gcomhtháthú inár dtionscadail, féadfar tuilleadh feabhais a chur ar chuimsitheacht ár n-aischur.

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Rialachas

Is príomhthosaíocht é maoirseacht agus faireachán ar an Straitéis Inbhuanaitheachta do Bhord an ÚNI. Tacaíonn an Coiste um Infheistíochtaí Caipitiúla chomh maith leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca leis an mBord.

Chuir an ÚNI an Fhoireann Ghlas ar bun ina bhfuil meascán d'ionadaithe ón eagraíocht ar fad, lena n-áirithítear an chothromaíocht iomchuí idir saineolas, scileanna agus taithí. Tá gach ball den Fhoireann Ghlas an-tugtha don chomhshaol agus do chuidiú leis an ÚNI a spriocanna astaíochtaí carbóin a bhaint amach. Déanann an Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta, lena n-áirítear an Curadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta, ábhair inbhuanaitheachta a tharmligean chuig an bhFoireann Ghlas mar is cuí.




Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Tomhas, Faireachán agus Tuairisciú

## Timpeallacht Soláthair

Beidh ár gCuspóirí Inbhuanaitheachta ina gcatalaíoch chun tuilleadh athruithe a spreagadh ar fud na heagraíochta. Déanfaidh siad an tsraith cuimsitheach beart atá sannta cheana i leith an ÚNI ó Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide, an Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus an Sainordú Earnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorlíonadh, iad uile ag tacú le freagra na hÉireann i leith na géarchéime aeráide.

Iarrann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide ar chomhlachtaí poiblí dea-shampla a thabhairt. Tá mar aidhm againn an méid seo a dhéanamh trí inbhuanaitheacht a chomhtháthú i ngach rud a dhéanaimid agus ag cinntiú go bhfuil gach ball dár n-eagraíochta cumhachtaithe, freagrach agus cuntasach as ár ndul chun cinn inbhuanaitheachta.#

## Ag Tomhas, Ag Déanamh Faireacháin agus ag Tuairisciú

Beidh tábhacht ag baint le tomhas, faireachán agus tuairisciú áit ar bith a bhfuil dul chun cinn agus chun aird a tharraingt ar ár ngaiscí agus ár ndúshláin. Cuideoidh fionnadh ár ngaiscí lenár bhfoireann a spreagadh agus a ghríosú. Ar mhaithe le héifeachtúlacht, bainfimid úsáid as sonraí atá á chomhthiomsú nuair is féidir. Sonrófar an dul chun cinn i leith inbhuanaitheachta sa Tuarascáil Bhliantúil agus i ndoiciméid eile mar is cuí ar mhaithe leis na tionscnaimh éagsúla.



Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority



**Údarás Náisúnta Iompair**

Dún Scéine Lána Fhearchair Baile Átha Cliath 2 D02 WT20

Tel: +353 1 879 8300
Fax: +353 1 879 8333

**National Transport Authority**

Dún Scéine Harcourt Lane Dublin 2 D02 WT20

www.nationaltransport.ie

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority